

## Cad é an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta um COVID-19?

Is deontas aonuaire é an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta chun na costais sin atá i gceist chun é a athoscailt a aisíoc le gnólacht ar dúnadh síos é mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, suas le huasmhéid €1,000. Íocfar an deontas ar bhonn sonrasc dearbhaithe le haghaidh ceannacháin nó oibreacha atá críochnaithe. Is í an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a dhéanfaidh na cinntí maidir leis an maoiniú.

## Cé atá incháilithe leis?

Tá tú in ann an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta a fháil más rud é:

- Go raibh tú ag fáil Íocaíocht Dífhostaíochta um Paindéim COVID-19 nó Liúnta/Sochar Cuardaitheora Poist agus gur dhún tú d'éileamh i ndiaidh an 18 Bealtaine 2020;
- Go riabh gnólacht á riar agat roimh mhí an Mhárta 2020 ar dhúnadh é mar gheall ar an bpaindéim agus a d'oscail tú arís é;
- Go bhfuil níos lú ná 10 duine fostaithe agat;
- Gur níos lú ná €1 milliún an láimhdeachas atá agat in aghaidh na bliana; agus
- Go bhfuil tú comhíontach ó thaobh ÁSPC agus Cánach de.

Níl tú in ann an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta a fháil más rud é:

- Go bhfuil tú faoi dhliteanas rátaí tráchtála a íoc; nó
- Go bhfuil tú incháilithe do dheontais atosaithe gnó eile um COVID-19 ó roinn rialtais eile, lena n-áirítear Deontas Atosaithe Gnó um COVID-19 na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta agus an Deontas Athoscailte Ionaid Chúraim Leanaí ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh air?

- Is féidir leat an fhoirm seo a líonadh isteach agus a chur isteach san Ionad Intreo i do cheantar féin.
- Ní mór duit na hadmhálacha agus sonraisc uile a bhaineann le gach uile cheannachán arna mhaoiniú leis an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta um COVID-19 seo a choinneáil ar feadh aon bhliain amháin ó dháta íocaíochta an deontais seo, agus iad a bheith réidh agat le bheith iniúchta ag an roinn sa chás go roghnaítear d'iarratas le haghaidh seiceálacha fóraithe.

## Costais Cháilithe

Caithfidh na costais cháilithe a bheith bainteach le atosú do ghnólacht (glan ón CBL más ghnólacht atá cláraithe don CBL atá ann). Is féidir costais a tabhaíodh ón 13 Márta a chur san áireamh i d'iarratas. I measc samplaí de chostais incháilithe tá:

- Costais chaipitiúla a thabhaítear chun trealamh a cheannach lena n-áirítear comharthaí agus trealamh cosanta pearsanta;
- Deisiúcháin, Cothabháil agus bearta sábháilteachta a shuiteáil;
- An oiliúint ghnó, an mheantóireacht agus an oiliúint;
- An fhógraíocht agus an mhargaíocht;
- Tuarastail (le duillíní pá i gcásanna nach bhfuil an Scéim Fóirdheontais Pá Sealadaigh iníoctha);
- Costais reatha feithiclí lena n-áirítear an breosla;
- Seirbhísí cuntasáíochta agus seirbhísí gaolmhara leo, agus an chomhairle dlí; agus
- Costais árachais dliteanais phoiblí agus slánaíochta poiblí.

De ghnáth, ní ghlacfar le tomhaltáin ghnó a bhaineann go díreach leis an trádáil.

## Cá n-íocfar mo dheontas?

Íocfar an deontas leis an gcuntas airgeadais lena n-íoctar d'Íocaíocht Dífhostaíochta um Paindéim COVID-19 nó d'éileamh Cuardaitheora Poist. Más rud é nach íoctar an Íocaíocht Dífhostaíochta um Paindéim COVID-19 nó Íocaíocht Cuardaitheora Poist atá á íoc leat isteach i gcuntas airgeadais, rachaidh an roinn i dteagmháil leat chun do chuid sonraí teagmhála a fháil.

Freagair na ceisteanna GO LÉIR go huile is go hiomlán.

**Sonraí Pearsanta agus Gnó**

D'Uimhir PSP:	
D'ainm:	
Do Sheoladh Baile:	
An t-Ainm Gnó Cláraithe (Sa chás nach bhfuil tú ag glacadh le d'ainm féin):	
An Earnáil Ghnó ina bhfuil tú:	
An Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC):	
Uimhir Chláraithe do Chuideachta (Ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)):	
Seoladh Gréasáin do Chuideachta:	
Uimhir Fóin:	
Seoladh Ríomhphoist:	
An dáta ar ndearnadh an Íocaíocht Dífhostaíochta um Paidéim Covid-19 (nó éileamh um Chuardaitheoir Poist) a éileamh <b>den chéad uair:</b>	
An dáta ar ndearnadh an Íocaíocht Dífhostaíochta um Paidéim Covid-19 (nó éileamh um Chuardaitheoir Poist) a <b>dhúnadh:</b>	
An dáta ar dhúnadh do ghnólacht:	
An dáta ar ar athoscail tú do ghnólacht:	



## DEARBHÚ

An micrithionscadal atá i gceist leis an ngnólachta agam nach bhfuil faoi dhliteanas Rátaí Údaráis Áitiúil a íoc? Tabhair faoi deara nach mór láimhdeachas níos lú ná €1 milliún a bheith ag d'fhiontar.	<input type="checkbox"/> Is ea <input type="checkbox"/> Ní hea
An bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí fostaithe agam?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
An bhfuil an fiontar agam sócmhainneach agus níl aon anás ná forghníomhú cláraithe ina choinne?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
An bhfuil baint dhíreach ag na costais a éilítear leis an ngnólacht a athoscailt?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
An bhfuil deimhniú imréitigh cánach reatha agam ó na Coimisinéirí Ioncaim agus cóip de curtha faoi iamh agam.	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Údaraím oifigeach de chuid na Roinne Cosanta Sóisiaí mo Theastas Imréitigh Cánach a sheiceáil trí úsáid a bhaint as Seirbhísí Ar Líne Ioncaim (ROS)?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Dearbhaím gurb é an deontas seo an t-aon fhoinsé den mhaoiniú poiblí a bhfuil tairbhe bainte as agam i ndáil leis na hadmhálacha agus sonrasc coinnithe?	<input type="checkbox"/> Is ea <input type="checkbox"/> Ní hea
Dearbhaím go bhfuil an íocaíocht deontais le déanamh leis an gcuntas bainc a úsáidtear chun m'íocaíocht Dífhostaíochta um Paindéim COVID-19 nó m'Iarratas Cuardaitheora Poist a íoc?	<input type="checkbox"/> Is ea <input type="checkbox"/> Ní hea
Glacaim leis na hadmhálacha agus na sonraisc go léir a choinneáil ar feadh thréimhse <b>1 bhliain amháin</b> tar éis don deontas seo a bheith íoctha.	<input type="checkbox"/> Is ea <input type="checkbox"/> Ní hea
Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar mhaoiniú chun cabhrú liom mo ghnólacht a athoscailt, a bhfuil a chuid sonraí taifeadta agam ag seo thuas. Dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir atá curtha síos san iarratas seo fíor agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom.	
Síniú:	Dáta:

Nuair a bheidh sé comhlánaithe, ba chóir an t-iarratas seo a sheoladh chuig an Ionad Intreo i do cheantar féin agus deimhniú imréitigh cánach iniata leis. Tá sonraí faoin Ionad Intreo is gaire duit ar fáil ar [www.gov.ie](http://www.gov.ie).

Más rud é nach bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a dhéantar ar d'iarratas, is féidir leat iarratas a dhéanamh i scríbhinn go ndéanfaidh oifigeach eile sa roinn athbhreithniú air.

### Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí

Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí / sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar go ndéanfar sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais / Gníomhaireachtaí eile de réir mar atá foráil déanta dó sa dlí. Is féidir teacht ar an mbeartas um chosaint sonraí atá againn ag [www.gov.ie/deasp/privacystatement](http://www.gov.ie/deasp/privacystatement) nó i gcóip chrua.